IMRAM 2007 | IRISH LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL



Imram

FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE – BÍMIS AG IOMRAMH

CEILIÚRADH SA PHRÍOMHCHATHAIR

9–14 Deireadh Fómhair / October 2007

TUESDAY 9 OCTOBER
Dé Máirt 9 Deireadh Fómhair

6.30pm Goethe-Institut Inter Nationes
37 Cearnóg Mhuirfean/37 Merrion Square | Saorchead isteach/free admission.

TRILINGUAL POETRY READING AND LAUNCH OF GÜNTER KUNERT BOOK WITH

GABRIEL ROSENSTOCK & HANS-CHRISTIAN OESER

In *Der Alte Mann spricht mit seiner Seele (Agallamh an tSeanóra lena Anam/The Old Man Converses with His Soul)* **Günter Kunert** confronts his mortality head-on in searing poetry charged with word-play, biblical and mythical references.

An chuid is mó againn seachnaímid an bás agus caint ar an mbás. Sna dánta seo, áfach, tugann an file aghaidh ar a dhán is ar a chinniúint agus ar staid na seanaoise trí chéile faoi mar b'ábhar staidéir é. Féinphortráid chorraitheach den fhile mar Oisín i ndiaidh na Féinne.

8.00pm Sugar Club
8 Sráid Líosan Íochtarach/8 Lower Leeson Street | Cead isteach/admission €10

DEFENDING ANCIENT SPRINGS
AG COSAINT FOINSÍ AN tSEANSAOIL

Ceolchoirm ilmheánach thrítheangach, Gaeilge, Béarla agus Gaeilge na hAlban. Amhráin ó Sheoirse Ó Dochartaigh, Jackie Leven agus Michael Cosgrave, filíocht ó Chathal Ó Searcaigh agus ó Kevin MacNeil.

'One may still find in remote parts of the west of Scotland, or in Ireland, the vanishing traces of an ancient culture once universal, where the face of the land and sea and sky hold a meaning... Every bird has its own magical quality and significance; certain wells and springs are holy, and there are green mounds which no crofter would disturb because of the spirits which continue to inhabit them.' — Kathleen Raine, *Defending Ancient Springs*

This multi-lingual event will shift between Irish, Scottish Gaelic and English; between poetry, song and image; and will explore the theme of 'defending ancient springs'. Beidh an seó ag bogadh ó cheol go filíocht, ó theanga go a chéile agus ealaín an Dochartaigh ar an scáileán.



Dar le **Seoirse Ó Dochartaigh**, amhránaí, scríbhneoir agus péintéir atá lonnaithe i nDún na nGall, ba dhearcealaíontóirí, ar shlí, iad na daoine a chum amhráin ar an sean-nós. Phéinteáil siad a dtírdhreach dúchais lena mbriathra. Tá sraith de phictiúir déanta aige atá bunaithe ar dhánta dúlra an tSearcaigh (*Dathadóireacht as Filíocht*, Béal Feirste agus Obar Dheathain, 1995).

As Oileán Leodhais do **Kevin MacNeil**, file, amhránaí agus úrscéalaí agus a cháil ag dul i méid in Albain, sa dá theanga. Bíodh is gur in Inse Ghall atá a chuid fréamhacha aige, tá sé ag baile sna bruachbhailte agus é faoi thionchar chultúr na Seapáine agus an Zen-Bhúdachais.

Duine de mhórfhilí na hEorpa é Gúrú na gCnoc, **Cathal Ó Searcaigh**, agus é ag tnúth leis an tsolas ó rugadh é.

Jackie Leven is the former front-man of 1970s 'art terrorists' Doll By Doll. Their work was unique in rock history, combining psychedelic rock, pop and Celtic folk. His albums include *Forbidden Songs of the Dying West* and *Defending Ancient Springs*. Leven sees his work as an exploration of 'the betwixt and between'.

Michael Cosgrave is well known for his work with Celtic/World music crossover band Sin é, and has also played with acclaimed singer/songwriter Michael Weston King.

WEDNESDAY 10 OCTOBER
Dé Céadaoin 10 Deireadh Fómhair

6.00pm Irish Film Institute
6 Eustace St, Temple Bar | Saorchead isteach/free admission.

BOOK LAUNCH AND READING

CÚPLA FOCAL LE ANNA HEUSSAFF
In association with Gaelchultúr

Úrscéal grá agus suirí i stíl éadrom spóirtiúil ó údar cáiliúil *Bás Tobann.* Oiriúnach d'fhoghlaimeoirí fásta agus mar scíthléitheoireacht.

Love and mystery. Secret lives. In the Irish conversation class for adults, much is left unsaid. Caoimhe is getting friendly with her teacher, Neasán. But Neasán's attention seems to have turned to Aisling. In the course of one evening, hard lessons have to be learned about hope, heartbreak, and the fickle power of words. A sparkling tale of modern life and its complexity, this is an enthralling read for any reader with basic fluency in Irish.



8.00pm Eaglais Úinitéireach/Unitarian Church
112 Faiche Stiabhna Thiar/112 St. Stephen's Green West | Saorchead isteach/free admission

MÓRLÉAMH/GALA READING:

CELIA DE FRÉINE, BIDDY JENKINSON, DOLORES STEWART & RÓISÍN ELSAFTY

Faightear greann íogair i bhfilíocht Jenkinson agus tuiscint mháistriúil ar an gcultúr Gaelach. Ar na cnuasaigh a tháinig uaithí tá *Baisteadh Gintlí Uiscí beatha* agus *Oíche Bhealtaine*. Saothar a tharraingíonn as foinsí na fealsúnachta, na staire agus an dúlra a fhaighimid i ndéantúis Stewart agus tá a saothar ar maos i dtírdhreach iarthar na hÉireann. Ar na leabhair a tháinig óna peann tá *'Sé sin le rá* agus *An Cosán Dearg*. Guth osréalach atá ag an bhFréineach, dorcha go minic ach cruinn ceolmhar ar a shon san. Chuaigh an tsraith *Fiacha Fola* i bhfeidhm ar na mílte daoine, dánta a chuireann síos ar bhean a raibh Heipitíteas C uirthi.

I dteannta na bhfili beidh Róisín Elsafty ar tháinig a chéad albam uaithi ar na mallaibh, *Má bhíonn tú liom bí liom*. Tá sárthuiscint ag Róisín don dúchas. Croílár na féile IMRAM an focal ráite agus an focal scríofa a chur ar aon ardán.

Writing about **Biddy Jenkinson**, Pearse Hutchinson said, 'her ear for the different sound-effects, the expressive possibilities of the language is as near as makes no matter unerring'. *Kirkus Reviews* described **Dolores Stewart**'s *In Out of the Rain* as 'highly personal and spiritual poetry dominated by a drive to claim a space for women in the mystic traditions of Irish Christianity'. Reviewing *Scarecrows at Newtownards*, the *Irish Times* noted how **Celia de Fréine**'s 'creative traffic between languages is responsible for the colloquial ease and flexible syntax' that mark her highly fabular and surreal poetry.

The poets will be joined by Róisín Elsafty, whose début *Má bhíonn tú liom bí liom* was acclaimed as 'a thing of beauty from beginning to end' by the *Irish Times*.

THURSDAY 11 OCTOBER
Déardaoin 11 Deireadh Fómhair

6.00pm Filmbase
An Chuarshráid, Barra anTeampail / Curved St, Temple Bar | Saorchead isteach/free admission

TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT
LÉACHT / ILLUSTRATED LECTURE:

DERMOT SOMERS

Dermot Somers presents a special slide-show lecture focusing on the landscapes that shaped the narrative of *The Táin*.
In association with Gaelchultúr.

Rugadh Dermot Somers i Ros Comáin sa bhliain 1947. Le cúig bliana fichead tá sé ag ailleadóireacht agus ag sléibhteoireacht ar fud an domhain, ó na hAlpa agus na hAindéis go dtí na Himiléithe. Bronnadh Duais Oireachtais ar a shaothar *Rince ar na Ballaí*.

Dermot Somers is a mountaineer, explorer, broadcaster and writer. He has written numerous books in both English and Irish, including *At the Rising of the Moon*, winner of the Boardman Tasker Prize for Mountain Literature.

10.30am Irish Film Institute
6 Eustace St, Temple Bar | Saorchead isteach/free admission

TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT

TURAS FEASA – AR THÓIR NA TÁNA

Seó le haghaidh Scoileanna
Special Schools Screening of Dermot Somers's *Turas Feasa – On the Trail of the Táin*. A questions and answers session with Dermot Somers will follow this screening.
In association with Irish Film Institute Education

I bpluais faoi bhun shuíomh beannaithe Chonnacht, Cruachan, tosaíonn **Dermot Somers** ar a aistear siar go haimsir na Tána. Soir leis go Cuaille agus an Bhanríon Méabh á lorg aige, ise agus a tarbh clúiteach. Faigheann sé amach go bhfuil lorg eipic na hIarnaoise fós le brath ar an tírdhreach comhaimseartha. Art Ó Briain a stiúir. John Murray a scannánaigh agus a léirigh.

From a cave deep under the ringforts of Connacht's ancient capital, Cruachan – Dermot Somers heads back in time and into *The Táin*. He walks east into the Cooley Mountains on the trail of Queen Medb and her obsession with the Great Brown Bull of Cooley – and finds the modern landscape still peppered with names and places that feature in the bloody pages of this Iron Age epic. Directed by **Art Ó Briain**. Filmed and produced by **John Murray**.

8.30pm Club an Chonartha / Conradh na Gaeilge Club
6 Sráid Fhearcair / 6 Harcourt St | Saorchead isteach/free admission

LÉAMH / READING

COLM Ó SNODAIGH & NA SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA

Is ball den ghrúpa ceoil Kila é **Colm Ó Snodaigh**. Foilsíodh *Pat the Pipe Píobaire* leis i mbliana, agus tá cnuasach gearrscéalta leis cheana, *Turasóireacht*.

Bunaíodh **Na Scríbhneoirí Óga** ionas go mbeidh scríbhneoirí óga ar fud na tíre in ann aithne a chur ar a chéile, tacú lena chéile agus a gcuid scríbhneoireachta a phlé. Má tá spéis agat a bheith páirteach sa chumann seo, seol ríomhphost chuig: scribhneoiri.oga@gmail.com

Colm Ó Snodaigh is a member of Kila, famed for their radical fusion of rock and traditional music. He is also a novelist and short story writer. He will be joined tonight by new literary voices **Majella McDonnell, Scott de Buitléir** and **Muiris Ó Meara**, members of Na Scríbhneoirí Óga.

6.30pm Eaglais Úinitéireach / Unitarian Church
112 Faiche Stiabhna Thiar / 112 St. Stephen's Green West | Saorchead isteach/free admission.

TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT
LÉAMH & CEOLCHOIRM / READING & CONCERT:

CIARAN CARSON, LIAM Ó MUIRTHILE & TONY MAC MAHON

'Tharr barr' an cur síos a thug an tOllamh Robert Welch ar *The Táin*, an leagan nua den chlasaiceach a sheolfar le linn IMRAM. D'éirigh leis an bhfile **Ciaran Carson** téagar agus teannas an bhunsaothair a thabhairt leis go seoigh. Éacht. Tugann sé siar ar ais go dtí an Iarnaois sinn a bhuíochas do Penguin Classics.

Cloisfimid cuid den bhunleagan á léamh ag an bhfile **Liam Ó Muirthile** agus tionclacan ceoil ón máistir méarghlic **Tony Mac Mahon**. Beidh cúpla míle bliain eile ann sula gcloisfidh tú a leithéid arís!

Professor Robert Welch has already praised Ciaran Carson's new version of *The Táin* as 'outstanding... it carries the edge and volume of the original. Ciaran has gone deep into the mother lodes to get this extraordinary translation out. His impressive gifts, as a storyteller and a highly skilled poet, and wizard of language combine to re-create the fabulous urgency of the Celtic Iron Age.'

Tonight is the first opportunity to hear Ciaran reading from *The Táin* (Penguin Classics), where he will be joined by poet Liam Ó Muirthile reading the original Irish – and by Tony Mac Mahon, one of Ireland's most magical traditional musicians.

FRIDAY 12 OCTOBER
Dé hAoine 12 Deireadh Fómhair



8.30pm Boom Boom Room
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell/70 Parnell Street | Cead isteach/admission €10

FILÍOCHT RANN NA FEIRSTE – TRAIDISIÚN BEO
THE POETRY OF RANN NA FEIRSTE – A LIVING TRADITION

Seosamh Mac Grianna

Airítear Rann na Feirste i nGaeltacht Thír Chonaill ar cheann de na ceantair is saibhre in Éirinn ó thaobh na Gaeilege de idir scríobh agus labhairt na teanga. Smaoinítear ar shaothar mhuintir Mhic Ghrianna, go speisialta Séamas (Máire) agus Seosamh, nuair a thráchtar ar litríocht na Gaeilge sa fichú céad. Bhí siadsan ag tarraingt as saíocht agus samhlaíocht a gceantar dúchais, mar a léirigh Joe Fheilimidh nuair a d'fhoilsigh sé *Filí gan Iomrá*. Tá glún níos óige préamhaithe sa dúchas sin agus brodúil as. Tá an ceangal sin le léiriú acu san oíche omóis seo do fhilíocht agus d'amhránaíocht Rann na Feirste. Cuireann an scríbhneoir agus an t-aisteoir **Niall Mac Eachmharcaigh** (John Joe as *Ros na Rún*) oidhreacht fhileata an cheantair sin os ár gcomhair amach lena chomrádaithe ceolmhara **Gearóidín Neidí Frainc Bhreathnach** (Buaiteoir Oireachtais), **Aodh Óg Ó Duibheanaigh** (CU Byrne é féin) agus **Connie Mhary Mhicí Ó Gallchóir**.

Amhráin agus filíocht, caint agus ceol, á gcur i láthair ag ceathrar a tógadh i dtraidisiún na scéalaíochta, an tseanchais agus an cheoil. Oíche mhór gaeltachta agus filíochta.

Prize-winning writers, singers and actors from Rann na Feirste are delighted to come together for this celebration of the poetry, song and literature of their exceptional townland. Niall Mac Eachmharcaigh introduces singers and storytellers Gearóidín (Neidí Frainc) Bhreathnach, Connie (Mhary Mhicí) Ó Gallchóir and Aodh Óg Ó Duibheanaigh.

SATURDAY 13 OCTOBER
Dé Sathairn 13 Deireadh Fómhair

8.30pm Boom Boom Room
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell/70 Parnell Street | Cead isteach/admission €10

TADHG MAC DHONNAGÁIN & THE NORTH STRAND KLEZMER BAND

Is cumadóir amhrán, léiritheoir ceoil agus scríbhneoir é **Tadhg Mac Dhonnagáin**. Sa Spidéal, i nGaeltacht Chonamara atá cónaí air. Tá ceithre cinn de bhunalbaim nua-amhrán eisithe aige: *Solas Gorm*, *Raifteirí san Underground*, agus dhá chnuasach do pháistí – *Bliain na nAmhrán* agus *Ceol na Mara*. Eisíodh rogha amhrán leis faoin teideal *Imíonn an tAm* sa mbliain 2004. Tá sé féin agus an cumadóir agus léiritheoir ceoil John Ryan ag obair as láimh a chéile le fada an lá. Tá dhá leabhar/dlúthdhiosca curtha i dtoll a chéile acu – an cnuasach de rannta traidisiúnta do pháistí *Gugalaí Gug* agus duanaire do dhaoine fásta dar teideal *Aniar – Voices and Verse from the Edge of the World*.

A unique chance to hear Tadhg Mac Dhonnagáin – poet, singer, songwriter, publisher and television presenter. Tonight, as well as singing his own songs, Tadhg will perform work from *Aniar – Voices and Verse from the Edge of the World*, a bilingual anthology of traditional Conamara verse, wisdom and incantation.

Bunaíodh an **North Strand Klezmer Band** sa bhliain 2005 chun amhráin thraidisiúnta ón gcultúr Haisídeach agus Aisceanásaíoch a thabhairt go Baile Átha Cliath. Uirlisí práis, cairdín, giotár, olldord agus cnaguirlisí, agus iad go léir dílis don bhunábhar. Rithimí dochta a chuirfidh faoi bhriocht thú agus mórfhoinn a mheascann le ceol hallaí rince ska.

The North Strand Klezmer Band dramatically reinvent the traditional songs of the Hasidic and Ashkenazic Jewish culture. Featuring brass, accordion, guitar, double bass and percussion, the band stay close to original material with a tight hypnotic rhythm section and striking lead melodies veering into the dancehalls of ska.

SUNDAY 14 OCTOBER
Dé Domhnaigh 14 Deireadh Fómhair

12.00pm Irish Film Institute
6 Eustace St, Temple Bar | Tickets available from IFI Box Office, Tel (01) 679 3477

SCREENING OF **CRÉ NA CILLE** AND **LORG**

In association with the Irish Film Institute

Aithnítear *Cré na Cille* mar phríomh-úrscéal comhaimseartha na Gaeilge. Is scéal dorcha lonnaithe i reilig i gConamara é *Cré na Cille*, faoin éad is faoin bhfuath atá ag beirt deirfiúracha dá chéile, coimhlint a théann in olcas le haois, agus a leantar de fiú san athshaol. Sa 'dánscannán' *Lorg* le **Biju Viswanath** imíonn **Celia de Fréine** ar 'aistear ina gcuardaítear a raibh caillte'.

Máirtín Ó Cadhain's *Cré na Cille* is considered to be *the* major contemporary Irish language novel. Set in a Conamara cemetery, it is a dark tale of the bitter hatred between two sisters – one which continues into the afterlife. Produced by **Ciaran Ó Cofaigh**. Scripted by **Macdara Ó Fatharta** and **Robert Quinn**. *Lorg* is short 'film-poem' directed by Biju Viswanath. Shot in Conamara, it follows Celia de Fréine on a 'journey to find what was lost'. Produced by Indibhid.

7.00pm Eaglais Úinitéireach / Unitarian Church
112 Faiche Stiabhna Thiar / 112 St. Stephen's Green West | Saorchead isteach/free admission

OÍCHE FILÍOCHTA AGUS AMHRÁNAÍOCHTA / POETRY AND SONG NIGHT
TO CELEBRATE THE PUBLICATION OF *THE FIFTY MINUTE MERMAID*

NUALA NÍ DHOMHNAILL, PAUL MULDOON & IARLA Ó LIONÁIRD

'Poets aren't afraid to exchange visions. And music can blur the boundary between the real and the imaginary. It can get you to an exalted place. That's what draws me to it.' — Iarla Ó Lionáird

Scéalta draíochtúla mar gheall ar an murúch atá i gcnuasach nua dátheangach Nuala Ní Dhomhnaill *The Fifty Minute Mermaid*. Go deimhin is imram fuaimeanna agus íomhánna atá ann, aistear go dtí an ríocht sin fo thoinn, ríocht na miotas, ríocht na samhlaíochta, ríocht an anama. Treisíonn aistriúcháin Paul Muldonn nath an Phortaingéalaigh José Saramago: údair a chruthaíonn litríocht náisiúnta, aistritheoirí a chruthaíonn litríocht an domhain.

Is í **Nuala Ní Dhomhnaill** an chéad fhile nua-aoiseach a bhain clú idirnáisiúnta amach di féin mar fhile Gaeilge. D'fhoilsigh an Gallery Press *Pharaoh's Daughter*, *The Astrakhan Cloak* (le hastrakháin ó Phaul Muldoon) agus *The Water Horse*. Ollamh le hÉigse a bhí inti sna blianta 2002–2004.

Cúig bliana d'aois a bhí **Iarla Ó Lionáird** nuair a d'oscail sé a ghob binn go poiblí. Seacht mbliana d'aois a bhí sé nuair a chan sé ar an raidió agus ní raibh sé ach dhá bhliain déag d'aois nuair a thaifid sé *Aisling Gheal* do Ghael Linn. Bhí baint aige le Cór Chúil Aodha a bhunaigh an Riadach. Is é an príomhamhránaí leis an Afro Celt Sound System é. I measc na n-albam aonair a tháinig ó Iarla seo na hamhránaíochta tá *Seacht gCoiscéim na Trócaire / The Seven Steps to Mercy* agus *Invisible Fields*.

Nuala Ní Dhomhnaill's new bi-lingual collection *The Fifty Minute Mermaid* is an extravaganza of marvellous tales about mermaids – and takes us on a voyage to Land-Under-Wave, the realm of myth, imagination and the psyche.

Paul Muldoon is one of the most admired writers alive. He has published ten collections of poems as well as volumes of lectures, libretti, song lyrics and plays. Chair of Princeton's Center for the Creative and Performing Arts, he has also been Professor of Poetry at Oxford. His most recent collection is *Horse Latitudes* (2006). *Moy Sand and Gravel* won the Pulitzer Prize.

TUESDAY 9 OCTOBER
Dé Máirt 9 Deireadh Fómhair

6.30pm Goethe-Institut Inter Nationes
(Saorchead isteach/free admission)
TRILINGUAL POETRY READING AND LAUNCH OF GÜNTER KUNERT BOOK WITH
GABRIEL ROSENSTOCK & HANS-CHRISTIAN OESER

8.00pm Sugar Club (Cead isteach/admission €10)
DEFENDING ANCIENT SPRINGS
AG COSAINT FOINSÍ AN tSEANSAOIL
Ceolchoirm ilmheánach thrítheangach, Gaeilge, Béarla agus Gaeilge na hAlban. Amhráin ó Sheoirse Ó Dochartaigh, Jackie Leven agus Michael Cosgrave, filíocht ó Chathal Ó Searcaigh agus ó Kevin MacNeil.

WEDNESDAY 10 OCTOBER
Dé Céadaoin 10 Deireadh Fómhair

6.00pm Irish Film Institute (Saorchead isteach/free admission)
BOOK LAUNCH AND READING IN ASSOCIATION WITH GAELCHULTÚR
***CÚPLA FOCAL* LE ANNA HEUSSAFF**

8.00pm Eaglais Úinitéireach / Unitarian Church
(Saorchead isteach/free admission)
MÓRLÉAMH/GALA READING:
CELIA DE FRÉINE, BIDDY JENKINSON,
DOLORES STEWART & RÓISÍN ELSAFTY

THURSDAY 11 OCTOBER
Déardaoin 11 Deireadh Fómhair

10.30am Irish Film Institute (Saorchead isteach/free admission)
TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT
TURAS FEASA – AR THÓIR NA TÁNA
Seó le haghaidh Scoileanna
Special Schools Screening of Dermot Somers's *Turas Feasa – On the Trail of the Táin*
A questions and answers session with Dermot Somers will follow this screening.

6.00pm Filmbase (Saorchead isteach/free admission)
TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT
LÉACHT / ILLUSTRATED LECTURE: **DERMOT SOMERS**

8.30pm Club an Chonartha (Saorchead isteach/free admission)
LÉAMH / READING
COLM Ó SNODAIGH & NA SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA

FRIDAY 12 OCTOBER
Dé hAoine 12 Deireadh Fómhair

6.30pm Eaglais Úinitéireach / Unitarian Church
(Saorchead isteach/free admission)
TIONSCADAL NA TÁNA | THE TÁIN PROJECT
LÉAMH & CEOLCHOIRM / READING & CONCERT:
CIARAN CARSON, LIAM Ó MUIRTHILE
& TONY MAC MAHON

8.30pm Boom Boom Room (Cead isteach/admission €10)
FILÍOCHT RANN NA FEIRSTE – TRAIDISIÚN BEO
THE POETRY OF RANN NA FEIRSTE – A LIVING TRADITION

SATURDAY 13 OCTOBER
Dé Sathairn 13 Deireadh Fómhair

8.30pm Boom Boom Room
Cead isteach/admission €10
TADHG MAC DHONNAGÁIN
& THE NORTH STRAND KLEZMER BAND

SUNDAY 14 OCTOBER
Dé Domhnaigh 14 Deireadh Fómhair

12.00pm Irish Film Institute
Saorchead isteach/free admission
SCREENING OF **CRÉ NA CILLE**

7.00pm Eaglais Úinitéireach / Unitarian Church
Saorchead isteach/free admission
OÍCHE FILÍOCHTA AGUS AMHRÁNAÍOCHTA / POETRY AND SONG NIGHT
TO CELEBRATE THE PUBLICATION OF *THE FIFTY MINUTE MERMAID*
NUALA NÍ DHOMHNAILL, PAUL MULDOON
& IARLA Ó LIONÁIRD

POETRY IRELAND ÉIGSE ÉIREANN
Dublin City Baile Átha Cliath
Foras na Gaeilge
Bord na Leabhar Gaeilge
Gaelchultúr
IFI Irish Film Institute
colmcille
arts council ealaíon

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócáidí. Ceannaigh leabhar nó dhó! Agus ceannaigh piont d'fhile!
The festival bookseller – The Winding Stair – will have books on sale at most IMRAM events.
Buy a book or two – and buy a poet a pint!

TUILLEADH EOLAIS / FURTHER INFORMATION:
Liam Carson r-phost/e-mail liamog62@mac.com fón/phone 01-8329594 nó 087-2912797

STIÚTHÓIRÍ IMRAM / FESTIVAL DIRECTORS:
Liam Carson, Colette Nic Aodha, Jane O'Hanlon, Cathal Póirtéir, Gabriel Rosenstock, Joe Woods

Saothar ealaíne an chlúdaigh le Rebecca Canavan / Cover painting courtesy of Rebecca Canavan

Dearadh: Oldtown